**TOGHCHÁN NA hUACHTARÁNACHTA, 2025**

Dé Sathairn, an 25 Deireadh Fómhair 2025

Tá comhaireamh na vótaí i dtoghchán na hUachtaránachta, 2025, tugtha chun críche, agus an toradh deimhnithe ag an lárionad comhairimh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. D'fhógair Cheann Comhairimh Thoghchán an Uachtaráin, an tUasal Barry Ryan, an toradh agus dhearbhaigh sé gur toghadh Catherine Connolly chun Oifig Uachtarán na hÉireann.

De réir Acht Thoghchán an Uachtaráin, 1993, cuirfidh Ceann Comhairimh Thoghchán an Uachtaráin toghadh an Uachtaráin in iúl go foirmiúil don Uachtarán, don Uachtarán tofa, don Taoiseach, don Phríomh-Bhreitheamh, do Chathaoirleach na Dála, do Chathaoirleach an tSeanaid agus do Rúnaí an Uachtaráin.

Cuirfidh Ceann Comhairimh Thoghchán an Uachtaráin sonraí na vótála in iúl don Taoiseach, don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus don Uachtarán tofa. Foilseofar an teastas ina mbeidh na sonraí sin san Iris Oifigiúil. Tá na sonraí ar fáil ar líne freisin ag www.presidentialelection.ie